2026/1218

5.6.2026

# CINNEADH (CBES) 2026/1218 ÓN gCOMHAIRLE

**an 4 Meitheamh 2026**

**maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na Liobáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([1]), bunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána (SES) chun go maoineodh na Ballstáit gníomhaíochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú i gcomhréir le hAirteagal 21(2), pointe (c), den Chonradh. Go háirithe, de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, tá SES le húsáid chun bearta cúnaimh a mhaoiniú, ar nós gníomhaíochtaí chun acmhainneachtaí a bhaineann le cúrsaí míleata agus cosanta atá ag tríú Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú.

(2) Leagtar síos mar chuspóirí i Straitéis Dhomhanda 2016 maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais an tslándáil agus an chosaint a neartú, infheistíocht a dhéanamh in athléimneacht na stát agus na sochaithe i ndeisceart an Aontais, cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

(3) An 21 Márta 2022, d'fhormheas an Chomhairle an Compás Straitéiseach agus é mar chuspóir aige go mbeidh an tAontas a bheith ina sholáthraí slándála níos láidre agus níos cumasaí, lena n-áirítear trí úsáid mhéadaithe a bhaint as SES mar thaca le cumais chosanta na gcomhpháirtithe.

(4) Sna conclúidí uaithi an 18 Aibreán 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach cuspóir an Aontais oibriú leis na comhpháirtithe uile sa Mheánoirthear chun nach mbeidh tuilleadh teannais sa réigiún, go háirithe sa Liobáin. Chuir sí i dtreis gealltanas an Aontais tacú le cobhsaíocht na Liobáine.

(5) Sna conclúidí uaithi an 19 Nollaig 2024, ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an sos comhraic a comhaontaíodh an 27 Samhain 2024 idir Iosrael agus an Liobáin, a d'eascair as na hiarrachtaí idirghabhála a rinne an Fhrainc agus na Stáit Aontaithe go háirithe. Thathantaigh sí ar na páirtithe an sos comhraic a chur chun feidhme mar a comhaontaíodh é, agus d'iarr sí go gcuirfí Rún 1701 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun feidhme go hiomlán agus ar bhealach siméadrach. Meabhraíodh don Chomhairle Eorpach sa chomhthéacs sin an ról bunúsach cobhsaíochta atá ag fórsa eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL) i ndeisceart na Liobáine. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do cheannasacht agus d'iomláine chríochach stát na Liobáine agus dá iarrachtaí forbartha stáit, lena n-áirítear trí chabhair a thabhairt chun fórsaí armtha na Liobáine a neartú. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar cheannairí polaitiúla na Liobáine an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun an tsáinn pholaitiúil agus eacnamaíoch a shárú, lena n-áirítear uachtarán a thoghadh go tapa.

(6) Sna conclúidí uaithi an 20 Márta 2025, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl gur dhíol sásaimh di go bhfuil deireadh tagtha leis an tsáinn pholaitiúil sa Liobáin agus go bhfuil an tAontas Eorpach réidh chun oibriú leis na húdaráis nua chun an staid eacnamaíoch agus slándála sa tír a chobhsú. D'iarr an Chomhairle Eorpach an athuair ar na páirtithe téarmaí chomhaontú sosa cogaidh an 27 Samhain 2024 a chur chun feidhme agus Rún 1701 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/509/oj).

(7) An 15 Nollaig 2025, thionóil an tAontas agus an Liobáin an 9ú Comhairle Comhlachais idir an tAontas agus an Liobáin agus chuir siad in iúl go bhfuil siad toilteanach tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'earnáil slándála na Liobáine trí leas iomlán a bhaint as uirlisí an Aontais, lena n-áirítear SES.

(8) Tar éis an ghéaraithe ar an bhforéigean sa Mheánoirthear, thug Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') rabhadh faoin mbaol go dtarraingeofaí an Liobáin isteach i gcogadh nach cogadh dá cuid féin é, a mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha daonnúla ag baint leis, agus d'iarr sí go n-urramófaí ceannasacht agus iomláine chríochach na Liobáine, agus tiomantas an Aontais seasamh leis an Liobáin agus lena muintir á athdhearbhú aici.

(9) I mí Aibreáin 2026, fuair an tArdionadaí iarraidh ón Liobáin go dtabharfadh an tAontas cúnamh d'Fhórsaí Armtha na Liobáine maidir le príomhthrealamh a sholáthar chun a n-acmhainneachtaí a mhéadú chun faireachán a dhéanamh ar chríoch na Liobáine, í a rialú agus a dhaingniú chomh maith le monaplacht an Stáit sin ar airm a áirithiú, agus folláine, éiceachóras agus gairmiúlú Fhórsaí Armtha na Liobáine á bhfeabhsú ag an am céanna.

(10) Tá bearta cúnaimh le cur chun feidhme agus na prionsabail agus na ceanglais a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/509 á gcur san áireamh, go háirithe maidir le comhlíonadh Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle [2], agus i gcomhréir leis na rialacha do chur chun feidhme an ioncaim agus an chaiteachais a mhaoinítear faoin SES.

(11) Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh agus an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Bunú, cuspóirí, raon feidhme agus ré**

1. Leis seo, bunaítear beart cúnaimh a rachaidh chun tairbhe na Liobáine ('an tairbhí') atá le maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána (SES) ('an beart cúnaimh').

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an bhirt cúnaimh:

(a) an comhar idir an tAontas agus an Liobáin a neartú i réimse na slándála agus na cosanta;

(b) rannchuidiú le hacmhainneachtaí foriomlána míleata agus cosanta Fhórsaí Armtha na Liobáine a neartú;

(c) slándáil agus cobhsaíocht náisiúnta na Liobáine a fheabhsú mar aon le sibhialtaigh a chosaint.

3. Chun an cuspóir a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mbeart cúnaimh trealamh nach bhfuil deartha chun fórsa marfach agus seirbhísí a thabhairt i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) rialú críochach, trí thacaíocht a thabhairt do chruthú an 5ú Reisimint um Theorainn Talún atá le himscaradh ar feadh na teorann thoir thuaidh leis an tSiria;

(b) feasacht ilréimse, trí chumas comhpháirteach faisnéise, faireachais agus taiscéalaíochta a chruthú le córas drón oibríochtúil agus clár oiliúna cuimsitheach;

[2] Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2008/944/oj).

(c) an tslándáil mhuirí, trí acmhainneachtaí faireachais a fheabhsú agus sócmhainní a chomhtháthú i gcóras ceannais agus rialaithe muirí;

(d) láithreáin mhíleata chriticiúla a chosaint, trí C-UAS a sheachadadh chun cosaint Cheanncheathrú agus cuid de phríomh-bhunáiteanna Aerfhórsa Fhórsaí Armtha na Liobáine a áirithiú;

(e) cúram sláinte, trí leanúint de threalamh leighis a sholáthar don Lárchúram Sláinte Leighis.

Maoineofar leis an mbeart cúnaimh chomh maith soláthairtí agus seirbhísí gaolmhara, lena n-áirítear oiliúint theicniúil, i gcás inar gá.

4. Mairfidh an beart cúnaimh 48 mí ó dháta glactha an Chinnidh seo.

*Airteagal 2*

**Socruithe airgeadais**

1. EUR 100 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.

2. Déanfar an caiteachas go léir a bhainistiú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas arna maoiniú faoi SES a chur chun feidhme.

*Airteagal 3*

**Socruithe leis an tairbhí**

1. Déanfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') na socruithe is gá leis an tairbhí chun a áirithiú go gcomhlíonann sé na ceanglais agus na coinníollacha arna mbunú ag an gCinneadh seo, mar choinníoll chun tacaíocht a sholáthar faoin mbeart cúnaimh.

2. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha lena gcuirtear d'oibleagáid ar an tairbhí an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go gcomhlíonfaidh aonaid Fhórsaí Armtha na Liobáine dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh an dlí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

(b) go mbainfear úsáid chuí éifeachtúil as aon sócmhainní a chuirtear ar fáil faoin mbeart cúnaimh chun na gcríoch dár soláthraíodh iad;

(c) go ndéanfar cothabháil leordhóthanach ar aon sócmhainní a chuirtear ar fáil faoin mbeart cúnaimh chun a áirithiú go mbeidh siad inúsáidte agus go mbeidh siad ar fáil le haghaidh oibríochtaí i gcaitheamh a saolré;

(d) nach gcaillfear aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mbeart cúnaimh, ná nach n-aistreofar iad chuig daoine nó eintitis seachas iad siúd a shainaithnítear sna socruithe sin.

3. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha maidir le tacaíocht a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh faoin mbeart cúnaimh i gcás ina bhfaighfear go bhfuil na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 2 á sárú ag an tairbhí.

*Airteagal 4*

**Cur chun feidhme**

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509, agus i gcomhréir leis na rialacha le haghaidh an ioncaim agus an chaiteachais faoi SES a chur chun feidhme, agus leis an gCreat Modheolaíochta Comhtháite chun na bearta agus na rialuithe atá riachtanach le haghaidh bearta cúnaimh faoi SES a mheasúnú agus a shainaithint.

2. Is iad seo a leanas a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3) den Chinneadh seo a chur chun feidhme:

(a) i gcás phointe (a) den mhír sin, an Lár-Ghníomhaireacht Bainistíochta Tionscadal (CPMA) agus an riarthóir um bearta cúnaimh;

(b) i gcás phointí (b) agus (d) den mhír sin, *Défense Conseil International* (Grúpa DCI);

(c) i gcás phointe (c) den mhír sin, *Economat des Armées* (EdA);

(d) i gcás phointe (e) den mhír sin, an Lár-Ghníomhaireacht um Bainistiú Tionscadal.

*Airteagal 5*

**Faireachán, rialú agus meastóireacht**

1. Déanfaidh an tArdionadaí faireachán ar a mhéid a chomhlíonfaidh an tairbhí na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 3. Leis an bhfaireachán sin, músclófar feasacht ar an gcomhthéacs agus ar na rioscaí a ghabhann le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 3, agus rannchuideofar leis na sáruithe sin a chosc, lena n-airítear sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta arna ndéanamh ag aonaid Fhórsaí Armtha na Liobáine dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh.

2. Déanfar rialú an trealaimh agus na soláthairtí tar éis a loingsithe a eagrú mar a leanas:

(a) fíorú ar a seachadadh, trína bhfuil na fórsaí, arb iad na húsáideoirí deiridh iad, le deimhnithe seachadta SES a shíniú tráth a aistreofar úinéireacht;

(b) tuairisciú a dhéanamh, trína bhfuil an tairbhí le tuairisciú go bliantúil ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh leis an trealamh, na soláthairtí agus na seirbhísí arna soláthar faoin mbeart cúnaimh agus ar fhardal na míreanna ainmnithe go dtí go measfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála nach bhfuil gá leis an tuairisciú sin a thuilleadh;

(c) cuairteanna ar an láthair, trína ndeonóidh an tairbhí rochtain don Ardionadaí agus d'iniúchóirí SES chun rialuithe ar an láthair agus iniúchtaí SES a dhéanamh, arna iarraidh sin.

3. Déanfaidh an tArdionadaí meastóireacht deiridh nuair a bheidh an beart cúnaimh curtha i gcrích chun a mheas ar chuidigh an beart cúnaimh leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1(2) a bhaint amach.

*Airteagal 6*

**Tuairisciú**

Le linn na tréimhse cur chun feidhme, cuirfidh an tArdionadaí tuarascálacha leathbhliantúla faoi bhráid an Choiste Pholaitiúil agus Slándála maidir le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 63 de Chinneadh (CBES) 2021/509. Cuirfidh an riarthóir um bearta cúnaimh an Coiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ar an eolas go tráthrialta faoi chur chun feidhme ioncaim agus caiteachais, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chinneadh sin, lena n-áirítear trí fhaisnéis faoi na soláthróirí agus na fochonraitheoirí lena mbaineann a sholáthar.

*Airteagal 7*

**Fionraí agus foirceannadh**

1. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a chinneadh cur chun feidhme an bhirt cúnaimh a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le hAirteagal 64 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

2. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a mholadh don Chomhairle go bhfoirceannfaí an beart cúnaimh.

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 4 Meitheamh 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

C. FITIRIS